# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Beannachtaí na Nollag ó Fhoireann Chonamara Láir

***Tá an Nollaig buailte linn arís a chairde agus áthas orainn go bhfuil an nuachtlitir seo beagnach dhá bhliain ar an bhfód anois. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le gach duine, coiste, eagraíocht, club agus daltaí scoile san áireamh, a sheol ailt, scéalta agus fógraí chugainn. Buíochas ó chroí ar ndóigh libhse, a léitheoirí, a thugann tacaíocht agus aiseolas dearfach dúinn i gcónaí. Guíonn foireann Chonamara Láir Nollaig Shona agus athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise oraibh ar fad. Go mbeirimid beo ar an am seo arís.***



## Seaimpíní an Chontae *-Cian Ó Cearra (Captaen Carna Caiseal/Na Piarsaigh)*

Bhí fáilte mhór romhainn, bratacha Carna Caiseal na Piarsaigh in áirde agus tinte cnámh lásta ar thaobh bhóithre Chonamara Láir, nuair a thug muid abhaile linn Cupán Cuimhneacháin Francis Heverin ar an Satharn 26.11.2022. Thar aon chumann eile, ciallaíonn sé go leor dúinne Craobh an Chondae a bhuachadh. Is club beag muid i nIarthar na Gaillimhe agus cosúil le go leor cumainn eile thart timpeall orainn, is deacracht mhór é daoine óga a mhealladh chun foireann a chuir chun páirce. Bhí foireann láidir faoi aois againn do Charna Caiseal/Na Piarsaigh agus muid ag imirt le chéile ó aois an-óg le 9 mbliana anuas. Ba é an cluiche ceannais an Chondae an cluiche deireadh a d'imir muid le chéile mar fhoireann amháin. Tá sé dochreidte slán a fhágáil le peil faoi aois agus slán a fhágáil lena chéile ach tá muid thar a bheith bródúil mar fhoireann, Craobh an Chondae a bhuachan don chéad uair le breis is fiche bliain. Thar cheann na foirne ar fad, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le bainisteoirí, cóitseálaithe agus leis an bpobal a chreid ionainn i gcónaí. Beannachtaí na Nollag.



*Déanann foireann Chonamara Láir comghairdeas ó chroí leis an bhfoireann ar fad as an éacht mór atá bainte amach acu don cheantar.*

# FÉILIRE CHONAMARA LÁIR 2023

Tá ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir é a fhógairt go bhfuil Féilire Chonamara Láir 2023, atá lán le pictiúir a léiríonn áilleacht an cheantair, seanfhocail agus piseoga, ar an mbealach agus beidh siad á scaipeadh ar an bpobal go luath. Ba mhaith linn focal buíochais ó chroí a glacadh leis an gCoiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir, an ceanneagraíocht, Forbairt Chonamara Láir, Údarás na Gaeltachta agus leis An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meáin. Freisin, buíochas a ghlacadh libhse, pobal Chonamara Láir, a thugann tacaíocht agus cúnamh dúinn, a ghlacann páirt in imeachtaí agus comórtais agus a sheol pictiúir den cheantar chugainn le haghaidh an Féilire seo. Tá focal buíochais tuillte ag Jackie Mac Donnacha agus Dara Ó Máinín, mac le Liam Ó Máinín a bhí mar iar-chigire don Roinn Oideachais, beannacht Dé leis, a bhronn na seanfhocail orainn. Ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar Johanna Ní Mháille, an grianghrafadóir aitheanta & áitiúil, a bhí i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana. Ar ndóigh, míle buíochas le G Chló a thugann tacaíocht leanúnach dúinn ní amháin chun an Féilire a chur i gcló, ach ár nuachtlitir miosúil agus tograí eile.




## Ceardlann Ceardaíochta na Nollag

Bhí áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir dhá cheardlann ceardaíochta a reáchtáil i gcomhar le Cian Bairéad ar an 5ú Nollag in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna agus ar an 6ú Nollag sa gCrannóg i Rosmuc. Ba deis álainn a bhí anseo chun foghlaim conas do mhaisiúchán Nollag féin a dhéanamh do do theach agus tús a chur le séasúr na Nollag. Míle buíochas le Cian, na rannpháirtithe agus le foireann Ionad Cuimhneacháin na nImirceach agus coiste na Crannóige.



FCL teo
Forbairt Chonamara Láir
De réir a chéile a thógtar na caisleáin

## PLEAN FORBARTHA CÚIG BLIANA FORBAIRT CHONAMARA LÁIR TEO.


Tá Forbairt Chonamara Láir (FCL Teo) ag réiteach plean 5 bliana do limistéar Chonamara Láir agus ag iarraidh tuairimí a bhailiú ón bpobal áitiúil maidir le riachtanais an cheantair.
Bhí sraith cruinnithe poiblí ann cheana féin inar pléadh smaointe éagsúla. Tá na smaointí seo curtha i gcatagóirí faoi sheacht dtéama agus ba mhaith linn do chuid tuairimí a fháil faoi gach ceann.
Tá sé tábhachtach do thuairim a chur in iúl mar is plean é seo do do cheantar féin. Tá nasc don suirbhé le fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig fcl@conamaralair.ie agus beidh cóipeanna crua le fáil sna siopaí áitiúla chomh maith. Mar eolas freisin, ní gá d'ainm a thabhairt leis an suirbhé.
Tá foireann Chonamara Láir thar a bheith buíoch as tacaíocht an phobail go dtí seo agus le comhairleoirí Bane Mallarkey atá ag obair ar an bplean linn.

# Cúramóirí Cruthaitheacha i gConamara



*Bríd Uí Niaidh & Áine Ní Ghriallais*

**Bronnadh teastais ar ochtó a trí cúramóir teaghlaigh agus cúramóirí atá faoi mhéala ó ocht gceantar i gConamara ag Searmanas agus Taispeántas a bhí ar siúl in Óstán an Station House ar an gClochán, Dé hAoine, an 25 Samhain. Ghlac na Cúramóirí páirt i gCúrsaí Ealaín agus Ceardaíochta éagsúla do Chúramóirí Cruthaitheacha ar feadh 6-8 seachtaine lena n-áirítear péinteáil aicrileach, feiltiú, péinteáil ola, deileadh adhmaid, péinteáil ghloine dhaite agus grianghrafadóireacht. Cuireadh aon cheann déag de Chúrsaí do Chúramóirí Cruthaitheacha ar fáil lena n-áirítear ceithre chúrsa i gCarna, Ros Muc, an Caiseal agus Sraith Salach, agus ba thionscnamh comhpháirtíochta a bhí ann arna fhorbairt ag FÓRAM Chonamara CLG agus ag an Rannóg Cúramóirí, FSS, Gaillimh, agus fuair sé maoiniú iomlán ón Rialtas faoin Scéim Chruthaitheachta do Dhaoine Níos Sine 2022.**



**Rinneadh gailearaí den seomra ócáidí agus bhí taispeántais chruthaitheacha iontacha agus chumasacha le feiceáil ón 83 cúramóir a ghlac páirt sa scéim; píosaí a forbraíodh le linn na gcúrsaí agus faoi threoir ealaíontóirí áitiúla. D'oscail Cathaoirleach FÓRAM Chonamara CLG, an tUasal Terry Keenan, an ócáid go hoifigiúil. Rinne sé comhghairdeas leis na cúramóirí go léir as an éacht iontach atá bainte amach acu, agus ghabh sé buíochas leis an gClár Éire Ildánach atá maoinithe ag an Rialtas. Ina chur i láthair, thug an tUasal Keenan le fios gur dearadh an maoiniú Rialtais seo in 2020-2022 chun dul i ngleic leis na fo-iarmhairtí sóisialta a bhain le Paindéim COVID-19 agus go bhfuil difríocht an-dearfach déanta ag Tionscadal na gCúramóirí Cruthaitheacha, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn, maidir le folláine cúramóirí i gConamara a fheabhsú. Dúirt sé gur iarr gach cúramóir a ghlac páirt sna cúrsaí go gcuirfí tuilleadh oiliúna ar fáil, agus go raibh súil aige go gcuirfí maoiniú breise ón Rialtas ar fáil don tionscadal an bhliain seo chugainn.**



*Tom McWilliams, Veronica O Malley agus John O Malley*





## *Aitheantas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta faighte ag an Chlochán & an próiseas taighde fógraithe*

**Tá aitheantas oifigiúil stáit faighte ag an gClochán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus tá sé fógartha ag an eagraíocht forbartha pobail, FÓRAM Chonamara agus a chomhpháirtí sa togra seo Comhlachas Tráchtála Chonamara, go bhfuil tús á chur le plean teanga don phobal mar chuid den aitheantas seo. Tá coiste stiúrtha bunaithe ag an eagraíocht, Plean Teanga an Chlocháin, le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an phlean teanga seo ina ndéanfar taighde ar staid reatha na Gaeilge sa bhaile agus ina gcuimseofar straitéis 7 mbliana chun úsáid na Gaeilge sa cheantar a chur chun cinn.**

**Ag labhairt di maidir le haitheantas an Chlocháin mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, dúirt Karen Mannion, Príomhfheidhmeannach FHÓRAM Chonamara, 'Cúis mhór cheiliúrtha don Chlochán is ea an t-aitheantas seo. Gheobhaidh ár bpobal leathmhilliún euro d'infheistíocht stáit chun úsáid na Gaeilge sa cheantar a chur chun cinn agus gheobhaidh sé tacaíocht láidir chun straitéis a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun na críche sin.'**

**Táthar ag iarraidh ar bhaill an phobail páirt a ghlacadh sa phróiseas taighde ar cuireadh tús leis le déanaí tríd an gceistneoir atá á scaipeadh faoi láthair a chomhlánú agus trí pháirt a ghlacadh sna hagallaimh agus sna grúpaí fócais a reáchtálfar go luath sa bhliain nua. Tá sé mar aidhm ag an gceistneoir staid reatha na Gaeilge sa phobal a fhiosrú agus tugtar cuireadh do gach cónaitheoir ar an gClochán atá os cionn 18 mbliana d'aois an ceistneoir a chomhlánú. Sna hagallaimh agus sna grúpaí fócais beidh rannpháirtithe ó earnálacha agus réimsí éagsúla cosúil le gnó, turasóireacht, an óige, teaghlaigh, spórt, pobal, oideachas, na meáin, srl.**

**Tá cúnamh á fháil ag an gCumann ó Eileen Davis, a bhfuil cónaí uirthi ar an gClochán agus a bhfuil obair mhór déanta aici sna ceantair Ghaeltachta, agus feictear di go bhfuil buntáistí ag baint leis an bplean seo dá baile dúchais.**

**'Tríd an taighde seo a dhéanamh, tá súil againn a fháil amach cé mhéad Gaeilge atá in úsáid ar an gClochán faoi láthair agus spreagadh a thabhairt d'earnálacha éagsúla níos mó den teanga a úsáid ina saol laethúil' a dúirt John Sweeney, Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Chonamara. 'Tugann an plean teanga seo deis dúinn é seo a dhéanamh agus teagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus le gnólachtaí áitiúla amach anseo. Tá sé riachtanach go mbeidh tacaíocht againn ó chónaitheoirí an Chlocháin don phlean teanga agus tá súil againn an tacaíocht sin a bhailiú go luath sa phróiseas. Táimid ag iarraidh ar gach duine a bheith páirteach, bhur dtuairimí a roinnt agus tacaíocht a thabhairt don phlean teanga dár bpobal.'**

**Iarrtar ar aon duine ar spéis leo páirt a ghlacadh in aon cheann de na fócasghrúpaí thuasluaite ríomhphost a sheoladh chuig ptac@gmail.com sna seachtainí amach romhainn.**

**Tá an nasc don cheistneoir ar líne ar fáil ag: https://www.surveymonkey.com/r/YD8K85R**

**Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le Karen Mannion, FÓRAM Chonamara ar 095-41116 nó ag ptac@gmail.com**

FORUM
CONNEMARA CLG

Plean Teanga
an Chlocháin

# Bricfeasta Gnó

**D'eagraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir 'Bricfeasta Gnó' do ghnóanna atá lonnaithe i gConamara Láir ar an 28ú Samhain i gColáiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh, Rosmuc. Ba é an sprioc ná feasacht a thabhairt do ghnóanna faoi na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn i do ghnó/seirbhís agus na tacaíochtaí atá ar fáil. Bhí beirt aoichainteoirí iontacha i láthair. Labhair Miriam Uí Néill faoi na tacaíochtaí atá ar fáil ó Údarás na Gaeltachta agus labhair Bríd Ní Chonghóile, príomhfheidhmeannach/CEO, Gaillimh le Gaeilge, faoi 'Gaeilge i do Ghnó'.**

**Bhí sólaistí ar fáil i ndiaidh na cainteanna agus tugadh comharthaí Gaeilge in aisce do na rannpháirtithe. Caithfear buíochas mór a ghlacadh le:**

**-Na haoichainteoirí- Miriam Uí Néill (Údarás na Gaeltachta) agus Bríd Ní Chonghóile (Gaillimh le Gaeilge)**

**-Coiste Choláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh**

**-Clíona agus foireann Tigh Mheaic as na sólaistí**

**-Peadar (GChló) a rinne na comharthaí**

**-Gach duine a ghlac páirt agus a thug cúnamh agus tacaíocht**

**Tá súil ag foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir níos mó ócáidí mar seo a reáchtáil arís sa bhliain nua.**






TEACHTAIREACHTAÍ NA NOLLAG/ CHRISTMAS WISHES AS GAEILGE

Beannachtaí na Nollag/ Christmas Greetings
Beannachtaí an tSéasúir/ Season's Greetings
Nollaig Shona/ Happy Christmas
Nollaig mhór mhaith duit/ Merry Christmas
Athbhliain faoi mhaise duit/ Happy New Year

Samplaí/ Examples:
Beannachtaí na Nollag oraibh go léir ó (..)/ Merry Christmas to you all from (..)
Guímid Nollaig Shona agus Athbhliain faoi shéan agus is faoi mhaise oraibh/ We wish you a Merry Christmas & a Happy New Year
Ba mhaith le (..) gach rath & séan a ghuí ort/oraibh san athbhliain/ (..) would like to wish you a happy & a prosperous New Year




Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teoranta

**BIONGÓ**

Ar mhaithe le Ionad Cúram Leanaí Charna

Chuile Dé Luain
Ionad Pobal Cill Chiaráin
Doras Óscailte @7:30i.n
Biongó @ 8:00i.n

**Póta Óir**
**€1500.00**
**Bigí linn!!**

# 50 Bliain ar an bhfód!






Tá bliain mhór ag Scoil Phobail Mhic Dara agus iad ag comóradh leathchéad bliain ó bunaíodh an scoil! Tá neart imeachtaí ar siúl acu chun an éacht seo a cheiliúradh ach bhí oíche an-speisialta acu ar an 30ú Samhain nuair a chur siad coirmcheoil bhríomhair os comhair an phobail. Bhí taispeántas agus meascán iontach siamsaíochta ar an stáitse idir cheol, damhsa agus amhránaíocht ó ní amháin na scoláirí atá ann faoi láthair ach iar-scoláirí aitheanta freisin. Rinne Máire Áine Ní Chuaig sár-jab mar bhean an tí agus labhair sí le iar-phríomhoidí na scoile, Roibeard Ó Healaí agus Tom Niaidh, agus an iar-leasphríomhoide PJ Ó Confhaola (ar dheis). Sheol iarscoláirí ó chian agus ó chongar teachtaireachtaí croíúla isteach i bhfoirm físe ag déanamh machnamh ar a gcuid ama sa scoil. Chraol Molscéal an ócáid beo ar líne chun go deis a thabhairt dóibh siúd nach raibh in ann a bheith páirteach. Cuireadh sólaistí deasa ar fáil ina dhiaidh agus tharraing na seanghrianghraif a bailíodh agus a cuireadh i láthair sna dorchlaí na daoine siar ar bhóithrín na smaointe agus ar ndóigh baineadh gáire amach.

Comghairdeas ó chroí le foireann agus scoláirí Scoil Phobail Mhic Dara. Coinnigh suas an dea-obair!

## Oíche Airneáin- Pobal Chamuis







*Níor chuir an aimsir fhuar sheaca aon bhac ar Phobal Chamuis le gairid, nuair a líon siad isteach sa chistin i dTearmann na Foirnéise i gCamus. Bhí píoga mionra agus 'mulled wine' (saor ó alcól!) ar fáil dhúinn nuair a tháinig muid isteach agus an áit te teolaí. Bhí oíche den scoth againn le amhránaithe, ceoltóirí agus damhsóirí. Chuir sé ríméad orainn go raibh gasúir na háite linn freisin. Léirigh siad a gcuid buanna ceoil, amhranaíochta, filíochta, agus damhsa dhúinn. Go deimhin mheabhraigh sé dhúinn an saibhreas cultúir atá againn sa gceantar. Ba deis iontach a bhí anseo an pobal beag atá againn a thabhairt le chéile agus bród an phobail a mhuscailt arís. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a thug cúnamh, a tháinig amach ar an oíche & a ghlac páirt agus ar ndóigh buíochas le Comhlucht Forbartha na Foirnéise agus le Ciste Pleanáil Teanga Chonamara Láir a mhaoinigh an ócáid. Fáilte róimh teagmháil a dhéanamh linn ar na meáin shoisialta, Pobal Chamuis ar Facebook nó ríomhphost a sheoladh chuig coistesoisialtachamuis@gmail.com Go bhfaga Dia an tsláinte againn ar fad.*

# Coirnéal Chomhrá 'Ar Chuala Tú?'



Aoi na míosa: Katie Ní Shúilleabháin,
Scoláire Choláiste na bPiarsach, Rosmuc

**1. Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Uaireanta tugann daoine a bhfuil aithne mhaith acu orm mar shampla mo chlann agus mo chairde "Cáit" orm.

**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Tá cónaí orm faoi Chnoc Mordáin i Loch Con Aortha.

**3. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Bíonn an Ghaeilge á labhairt agam go laethúil nuair a bhíonn mé ag baile agus ar scoil. Freisin, déanann mé mo dhícheall an Ghaeilge a labhairt agus mé i mbun mo chuid oibre ag an deireadh seachtaine.

**4. Céard é an béile is fearr leat?** Is breá liom bia farraige , go mór mór diúilicíní le arán baile.

**5. Céard é an boladh is fearr leat?** Is breá liom an boladh a bhíonn le fáil sa gcistin nuair a bhíonn tú tar éis cáca baile a bhacáil, bíonn rud éigin croíúil ag baint leis.

**6. Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Ní duine mé a théann ag ithe i mbialainn an mhinic , ach is breá liom cupán breá "Latte" agus scóna a bheith agam sa gcaifé "Steam" sa gClochán.

**7. Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** I láthair na huaire tá mé ag breathnú ar an sraith teilifíse "The Crown" atá le feiceáil ar Netflix.

**8. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** I mo am saor is breá liom a bheith ag damhsa ar an Sean-Nós nó a bheith ag imirt peile le Cumann Peile Ban na bPiarsach.

**9. An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth?** Nuair a chuaigh mé féin agus mo chairde ar thuras scoile go "Barcelona" i mbliana. Bhí an aimsir go hálainn agus fuair muid an deis aithne níos fearr a chuir ar a chéile mar ghrúpa.

**10. Cén cineál scannáin ina bhfuil suim agat iontu?** An tráth seo bliana is breá liom scannáin bunaithe ar an Nollaig.

**11. Bhfuil tú ag léamh aon leabhar faoi láthair?** Tá mé ag tosnú ag léamh an leabhar bheathaisnéise faoi an dornálaí cáilúil Kellie Harrington i láthair na huaire.

**12. An noiméad don lá is fearr leat?** Nuair a bhíonn mé ag suí cos tine agus cupán tae i mo lámh agam.

**13. An t-am den bhliain is fearr leat?** Cé gur breá liom an t-am seo bliana , sé an samhradh an t-am den bhliain is fearr liom mar bíonn an lá fada agus tugann sé seo an deis dom go leor rudaí deasa a dhéanamh m.sh dul amach ag siúl nó am a chaitheamh le mo chairde.

**14. An comhairle is fear a tugadh duit:** Dúradh liom ó aois an bheag a bheith cineálta le chuile dhuine mar ní chosnaíonn sé tada a bheith cineálta sa saol.

*Comghairdeas ó chroí le Katie as an méid atá bainte amach aice i mbliana ní amháin go hoideachasúil ach i gcomórtais éagsúla ar nós Oireachtas na Samhna agus Féile na Mí.*

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comghairdeas mór le buaiteoir na míosa seo, Marie Ní Chualáin. Thóg Marie an pictiúir álainn seo den séipéal agus é faoi phluid sneachta ar an gCaiseal.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn i rith na bliana.
Beidh na pictiúir ar fad a bhuach le feiceáil i bhFéilire Chonamara Láir 2023!
Buíochas freisin le Johanna Ní Mháille a bhí i mbun moltóireachta ar an gcomórtas dúinn i mbliana, ní raibh jab éasca aice!

## Logainm na Míosa

**An Coillín:**
**Ciallaíonn sé Coillearnach bheag/ 'the small wood'**

## Seanfhocal na Míosa:

*Olc síon an sioc, is fearr sioc ná sneachta agus is fearr sneachta ná síorbháisteach.*

### Bí i dteagmháil linn!


opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie


**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir


Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.